Roinn an Taoisigh
Department of the Taoiseach

# Roinn an Taoisigh

## Tuarascáil Bhliantúil 2021

## Teachtaireacht ón Taoiseach

Is breá liom an tuarascáil seo ina leagtar amach príomhréimsí beartaíochta Roinn an Taoisigh i rith na bliana 2021 a bheith á foilsiú.

Le hobair na Roinne i rith na bliana 2021, cinntíodh beart náisiúnta sóisialta agus eacnamaíochta den chuimsitheacht d'fhonn a raibh d'ábhar dúshláin á chur roimh an tír a shárú agus cuidiú le bealach téarnaimh a leagan amach do mhuintir na hÉireann agus don tír uile. Leag an Rialtas amach Plean Téarnaimh Eacnamaíochta ar mhaithe le borradh dlúis a chur le téarnamh bunaithe ar phostanna agus brostú a chur faoi chúrsaí eacnamaíochta d'fhonn ré slán, digiteach, inbhuanaithe a thabhairt i gcrích. Bhí an toradh ionchais a bheadh ag an mBreatimeacht agus an ghéarphráinn le beart i leith na haeráide go mór i gceist i gcónaí i rith na bliana 2021 agus rinne an Roinn beartaíocht go seasta leanúnach ina leith mar ba ghá. Foilsíodh straitéis an Rialtais maidir le Tithíocht don Uile Dhuine sa bhilain 2021 agus an Roinn i mbun na maoirseachta ar mhaithe le cur i bhfeidhm ar fud an rialtais ar fad.

Leanadh le tionscnamh tábhachtach an Oileáin Chomhroinnte i rith na bliana 2021 le clár ilghnéitheach oibre lenar bhain cainteanna, clár taighde leathanréimseach agus infheistíocht i dtionscadail Thuaidh Theas. Beidh toradh an díchill sin ina lón eolais maidir le pleanáil agus tionscaimh, caidreamh tairbheach agus comhar gníomhaíochta ar mhaithe le saol níos soicheallaí, cothroime agus rachmasaí ar an oileán seo i rith na mblianta amach romhainn.

Bhí béim mhór i mo chuid cainteanna agus caidrimh ar leibhéal an AE agus go hidirnáisiúnta ar an mbeartaíocht maidir le paindéim COVID-19, an tsárobair ar leibhéal an AE san áireamh maidir le vacsaíní a fhorbairt, a sholáthar agus a chur ar fáil ionas gur sábháladh daoine ón mbás.

Anseo in Éirinn, lean an Roinn i mbun na ceannródaíochta maidir leis an obair uile-Rialtais i ndáil le COVID-19. Chuidigh an rath iontach a bhí ar chlár vacsaínithe na hÉireann agus ar chlár na dtréandáileog i rith na bliana 2021 le muintir na hÉireann a thabhairt trí thréimhse anróiteach go dtí gurbh fhéidir mórchuid na srianta sláinte poiblí a chur ar ceal. Ba ghné thábhachtach de bheartaíocht na tíre seo i gcónaí eolas poiblí a chur ar fáil go soiléir agus go tráthúil. Is ábhar áthais dom an t-aitheantas a tugadh sa bhliain 2021 do dhícheall Sheirbhís Faisnéise an Rialtais agus na meitheal cumarsáide ar fud na ranna rialtais agus na ngníomhaireachtaí nuair a bronnadh Gradam Sárfheabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse maidir le Dul i bhFeidhm ar an Saoránach agus Seirbhís don Chustaiméir. Gabhaim buíochas freisin le baill na foirne in Oifig an Taoisigh, sna haonaid beartais agus sna seirbhísí tacaíochta go forleathan ar fud na Roinne as ardchaighdeán an fhónaimh a rinneadh i rith na bliana 2021 le cuid mhór den fhoireann i mbun cianoibre agus beagán ag freastal na hoifige ar an láthair.

Mar fhocal scoir, is mian liom cur chuige an chomhair mar atá ar bun ag páirtnéirí an Rialtais a admháil, go háirithe ag an Tánaiste Leo Varadkar T.D. agus ag Ceannaire an Chomhaontais Ghlais, an tAire Éamonn Ryan. Is mian liom buíochas a ghlacadh leis na hAirí Stáit a rinne fónamh sa Roinn i rith na bliana 2021 - Jack Chambers T.D. agus Thomas Byrne T.D., as an dua agus an dúthracht a chaitheann siad leis an gcúram.

**Micheál Martin**
**Taoiseach**

# Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Seo an chéad Tuarascáil Bhliantúil a thagann faoi scáth Ráiteas Straitéise 2021-2023 na Roinne agus leagtar amach an obair a rinneadh maidir le gach ceann de na Príomhaidhmeanna Straitéise.

Lean an Roinn i rith na bliana 2021 ag fónamh don Taoiseach agus don Rialtas trí réimse leathan feidhmeanna agus gníomhartha a chur i gcrích mar a leagtar amach sa tuarascáil, mar shampla comhairle faoi bheartais a chur ar fáil, comhordú a dhéanamh ar obair uile-Rialtais faoi réimse leathan cúraimí, imeachtaí suntasacha a reáchtáil agus cuairteanna oifigiúla ar an tír a eagrú, fónamh do chruinnithe Rialtais a reáchtáil agus freastal don chaidreamh idir an Rialtas agus an tOireachtas.

Rinne an Roinn tairbhe maidir le comhordú ar cheapadh beartais agus ar chur i bhfeidhm an bheartais maidir le réimse leathan ceisteanna, go háirithe trí phróiseas na gCoistí Comhaireachta agus Ghrúpaí na nOifigeach Sinsearach. Áirítear obair thábhachtach leis sin a bhain le COVID-19, leis an mbeartaíocht sláinte poiblí agus le heolas poiblí a chur ar fáil, cúnamh taca don duine aonair agus do ghnólachtaí, socruithe maidir le taisteal agus le vacsaín a chur ar fáil. Ar na hábhair eile a ndearnadh dul chun cinn ina leith, bhí athchóiriú ar an tseirbhís sláinte go ginearálta agus Sláintecare, breisoideachas agus Riachtanais Speisialta Oideachais agus an obair ar an bPáipéar Bán maidir le Soláthar Díreach a thabhairt chun críche.

Rinne an Roinn comhordú freisin i rith na bliana ar phleanáil straitéise den suntas, tograí mórthábhachta san áireamh de leithéid Plean Gníomhaíochta leasaithe an Rialtais maidir leis an Athrú Aeráide, *Tithíocht don Uile Dhuine*, An Plean Téarnaimh Geilleagair, An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach agus Creat Folláine na hÉireann.

Chuir an Roinn cúnamh taca ar fáil don Taoiseach maidir lena chuid oibre leis an AE agus go hidirnáisiúnta d'fhonn leas straitéiseach na hÉireann a chur chun cinn, cruinnithe na Comhairle Eorpaí san áireamh chomh maith le cruinnithe mullaigh eile de chuid an AE agus ócáidí idirnáisiúnta de leithéid aitheasc an Taoisigh ag Tionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus freastal ar Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP26) i nGlaschú.

Leanadh leis an obair maidir leis an gcaidreamh Thuaidh Theas agus an caidreamh leis an Ríocht Aontaithe tráth a raibh deacrachtaí leanúnacha le sárú, ina measc déileáil le cásanna a thagann chun cinn le hoidhreacht agus cur i bhfeidhm Phrótacal Thuaisceart Éireann. Lean an tAonad um Oileán Comhroinnte den obair i rith na bliana 2021 le sraith Comhráití um Oileán Comhroinnte, infheistíocht i dtionscadail trasteorann agus clár nua suntasach maidir le Taighde Thuaidh Theas.

Gabhaim buíochas leis an uile dhuine den fhoireann as a chinntiú go ndearnadh rólanna, seirbhísí agus feidhmeanna uile na Roinne a chur i gcrích ainneoin bliain eile den bhagairt sheasta maidir leis an tsláinte, de chur isteach agus de shrianta mar gheall ar COVID-19. Idir na baill foirne arbh den bhunriachtanas iad a bheith i láthair, iad siúd san áireamh a chuidigh lena gcomhghleacaithe a choinneáil slán folláin, agus na baill foirne arbh éigean dóibh obair le ciancheangal, glacaim buíochas le mo chuid comhghleacaithe ar fad as an gcúnamh, an dúthracht, an díograis agus an dianobair a léirigh siad i rith na bliana 2021.

**John Callinan**
**Ard-Rúnaí**

## Ár Misean

Is é atá de chuspóir ag an Roinn cuidiú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas córas geilleagair inbhuanaithe agus sochaí den rath a chothú, leas na hÉireann a chur chun cinn thar lear, Clár an Rialtais a chur i bhfeidhm agus dul i bhfeabhas seasta a thabhairt chun cinn maidir le cás na hÉireann agus shaoránaigh uile na tíre.

## Ár bhFís

Tagann obair na Roinne faoi anáil Mhisean, Fís agus Luachanna na Státseirbhíse, eadhon, Státseirbhís den nuáil, den ghairmiúlacht agus den luathbheartaíocht a chuireann feabhas ar shaol mhuintir na hÉireann le sárfheabhas i mbun dhéanamh na seirbhíse agus i mbun beartas straitéise a cheapadh.



## Tosaíochtaí Straitéiseacha

Rinneadh an Ráiteas Straitéise 2021-2023 a leagan amach le haird faoi leith ar a raibh á chur de dhúshlán roimh an tír i dtús na bliana 2021 ach leanfaidh an Roinn den luathbheartaíocht i ndáil le cora nua agus le réimsí dúshláin úra de réir mar a thagann chun cinn.

Is iad seo a leanas príomhthosaíochtaí na Roinne don tréimhse 2021-2023.

A. **Tacaíocht a thabhairt don Taoiseach agus don Rialtas**
B. **Ár dTodhchaí a Dhaingniú – Aghaidh a thabhairt ar COVID-19, an Breatimeacht agus Gníomhú ar son na hAeráide**
C. **An Geilleagar a Thabhairt ar ais**
D. **Sochaí níos Fearr a Chruthú**
E. **Áit na hÉireann san Eoraip agus ar Domhan a Láidriú**
F. **Comhaontú a Fhorbairt maidir le hOileán Comhroinnte – Thuaidh Theas agus Thoir Thiar**

## Croí-Fheidhmeanna na Roinne 2021

- Feidhmeanna an Taoisigh agus an Rialtais i ndáil le cúrsaí Feidhmiúcháin.
- Rúnaíocht an Rialtais a chur ar fáil.
- Cúnamh taca don Taoiseach i mbun dualgais mar Cheann Rialtais, lena n-áirítear dualgas i ndáil leis an Oireachtas, ceisteanna Bunreachta, Prótacal, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus Comhairle na Breataine agus na hÉireann.
- Oibriú le hOifig an Uachtaráin agus leis an Oireachtas.
- Plé le beartas an rialtais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, go háirithe trí chóras na gCoistí Comh-Aireachta, Ghrúpaí na nOifigeach Sinsearach agus Aonad an Idirchaidrimh leis an Oireachtas.
- Oifig an Taoisigh.
- Oifig an Tánaiste.
- Oifig Cheannaire an Chomhaontais Ghlais.
- Oifig Phríomh-Aoire an Rialtais (ar a leagtar freagracht freisin as an bPríomh-Oifig Staidrimh).
- Cúnamh taca don Aire Stáit maidir le Gnóthaí Eorpacha.
- Seirbhís Faisnéise an Rialtais.
- Faisnéis agus comhairle a chur ar fáil don Taoiseach agus don Rialtas maidir le hiomlán na gceisteanna maidir leis an mbeartas intíre agus le gnóthaí idirnáisiúnta (obair na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta san áireamh).
- Cúnamh taca don Taoiseach agus don Rialtas i mbun bheartas na hÉireann i ndáil leis an AE, Tuaisceart Éireann agus gnóthaí idirnáisiúnta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an tAonad um Oileán Comhroinnte agus comhordú ar fud an Rialtais uile.
- Rólanna comhordúcháin maidir le tionscnaimh éagsúla tras-Rialtais, ar a n-áirítear, COVID-19, Tithíocht don Uile Dhuine, Beart i leith na hAeráide, Ceisteanna Digiteacha, an Breatimeacht, an Mheasúnacht Náisiúnta Priacail, an Creat Folláine, Idirphlé Sóisialta, Athchóiriú ar Ghnóthaí Póilíneachta, Sábháilteacht an Phobail, an tIonad Náisiúnta Anailís Slándála agus Tionscnamh Oirthuaisceart Lár Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Cúnamh taca a chur ar fáil maidir le hobair neamhspleách an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán agus Thionól na Saoránach.
- Ceannródaíocht an chomhair maidir le Clár Athnuachana na Státseirbhíse a chur ar fáil le Bord Bainistíochta na Stát Seirbhíse agus fónamh d'athchóiriú níos forleithne ar an tseirbhís phoiblí i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Seirbhísí taca a chur ar fáil leis an Rannóg Gnóthaí Corparáide (Acmhainní Daonna, seirbhísí Airgeadais, TEC agus eile).

## Buaicphointí

I rith na bliana 2021, rinne foireann Roinn an Taoisigh déileáil le:

**1114**
Meabhrán Rialtais

**61**
Cruinniú Rialtais

**84**
Cruinniú Coiste Comh-Aireachta

**239**
Aitheasc

**55,687**
Mír Comhfhreagrais

**1059**
Ceist Parlaiminte

**8**
Cruinniú déthaobhach le Príomh-Aire na RA

**9**
Cruinniú Mullaigh de chuid na Comhairle Eorpaí

**11**
Comhairle Gnóthaí Ginearálta

**389**
Iarratas maidir le Saoráil Faisnéise

**1,646**
Comhad aistrithe chuig an gCartlann Náisiúnta

## Cuairteanna Stáit agus Ócáidí

Tharla ísliú mór ar líon na mórócáidí idirnáisiúnta agus na gcuairteanna i rith na bliana 2021 mar gheall ar chur isteach ó COVID-19 agus srianta ina leith sin.  Bhí, ina ainneoin sin, imeachtaí suntasacha agus cuairteanna oifigiúla ar an tír seo a d'eagraigh an Roinn nó ar chuidigh an Roinn lena n-eagrú, ina measc:

- Uachtarán Phoblacht na Fraince, Emmanuel Macron.
- Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Frank-Walter Steinmeier.
- Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen.
- Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Maroš Šefčovič.
- An Coimisinéir Eorpach Comhshaoil, Aigéan & Iascaigh, Virginijus Sinkevičius.
- An Coimisinéir Eorpach maidir leis an Margadh Inmheánach, Thierry Breton.
- Ceannaire fhreasúra Daonlathach na Bealarúise, Sviatlana Tsikhanouskaya.

Rinne an Roinn fónamh taca freisin don Taoiseach agus do na hAirí Stáit agus iad i mbun ionadaíochta thar ceann na hÉireann agus ag cur leas na tíre chun cinn ag cruinnithe de chuid an AE agus ag cruinnithe agus ócáidí idirnáisiúnta eile, ar an láthair nó trí chiancheangal, ina measc:

- Cruinnithe de chuid na Comhairle Eorpaí.
- Ócáidí aimsir na Féile Pádraig, ar a n-áirítear cruinnithe ciancheangail le hUachtarán Biden na Stát Aontaithe agus leis an Leas-Uachtarán Harris.
- An tseachtain bhliantúil ag na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac nuair a thug an Taoiseach aitheasc os comhair  Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe chomh maith le cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinniú de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Aeráid agus cúrsaí Slándála.
- Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, COP26, i nGlaschú.

Tá an Roinn freagrach as comhordú a dhéanamh ar an Searmanas Comórtha bliantúil a eagraítear in Ard-Oifig an Phoist Domhnach Cásca agus as an Lá Cuimhneacháin Náisiúnta i mí Iúil.

## An Rialtas agus na Coistí Comh-Aireachta

An Roinn a chuireann Rúnaíocht an Rialtais ar fáil agus tharla 61 Cruinniú Rialtais i rith na bliana 2021 ag ar pléadh le 1,114 Meabhrán.

An Roinn a chuireann rúnaíocht ar fáil freisin do na Coistí Comh-Aireachta agus a dhéanann cathaoirleacht ar Ghrúpaí na nOifigeach Sinsearach ina leith sin. Tionóladh 84 cruinniú de chuid na gCoistí Comh-Aireachta i rith na bliana 2021.

Seo a leanas na Coistí Comh-Aireachta a bhí ar bun i rith na bliana 2021:

| | |
|---|---|
| **An Coiste Comh-Aireachta maidir le COVID-19** | Measúnú a dhéanamh ar na torthaí sóisialacha agus eacnamaíochta ar scaipeadh ionchais COVID-19 agus maoirseacht a dhéanamh ar bheartaíocht ina leith sin ar fud an Rialtais. |
| **An Coiste Comh-Aireachta maidir le Téarnamh Geilleagair agus Infheistíocht** | Maoirseacht a dhéanamh maidir le tabhairt i bhfeidhm na ngeallúintí i gClár an Rialtais atá dírithe ar théarnamh inbhuanaithe maidir le cúrsaí geilleagair, infheistíocht agus cruthú fostaíochta. |
| **An Coiste Comh-Aireachta maidir le Tithíocht** | Maoirseacht a dhéanamh maidir le tabhairt i bhfeidhm na ngeallúintí i gClár an Rialtais a bhaineann le cúrsaí tithíochta, lena n-áirítear Tithíocht don Uile Dhuine a chur i bhfeidhm. |
| **An Coiste Comh-Aireachta maidir le Sláinte** | Maoirseacht a dhéanamh maidir le tabhairt i bhfeidhm na ngeallúintí i gClár an Rialtais a bhaineann le cúrsaí sláinte. |
| **An Coiste Comh-Aireachta maidir leis an gComhshaol agus Athrú Aeráide** | Maoirseacht a dhéanamh maidir le tabhairt i bhfeidhm na mbeart príomhthábhachta i gClár an Rialtais maidir leis an Aeráid agus an Comhshaol. |
| **An Coiste Comh-Aireachta maidir le Gnóthaí Sóisialacha agus Comhionannas** | Maoirseacht a dhéanamh maidir le tabhairt i bhfeidhm na ngeallúintí i gClár an Rialtais a bhaineann leis an mbeartas sóisialach, le comhionannas agus le seirbhísí poiblí. |

| | |
|---|---|
| **An Coiste Comh-Aireachta maidir le hOideachas** | Maoirseacht a dhéanamh maidir le tabhairt i bhfeidhm na ngeallúintí i gClár an Rialtais a bhaineann le cúrsaí oideachais. |
| **An Coiste Comh-Aireachta maidir leis an Eoraip** | Maoirseacht a dhéanamh maidir le tabhairt i bhfeidhm na ngeallúintí i gClár an Rialtais a bhaineann leis an Aontas Eorpach agus nithe gaolmhara. |
| **An Coiste Comh-Aireachta maidir leis an mBreatimeacht agus Tuaisceart Éireann** | Maoirseacht a dhéanamh maidir le tabhairt i bhfeidhm na ngeallúintí i gClár an Rialtais a bhaineann le hábhar agus le cora nua agus leis an idirbheartaíocht leanúnach. |
| **An Coiste Comh-Aireachta maidir le Comhord Rialtais** | Athbhreithniú a dhéanamh ar obair na gCoistí Comh-Aireachta, ar chlár oibre na gcruinnithe comhaireachta; bearta príomhthábhachta i réimse na polaitíochta a phlé agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm maidir le gné shonrach de Chlár an Rialtais. |

## Tosaíocht Straitéiseach A – Tacaíocht a thabhairt don Taoiseach agus don Rialtas (Seirbhísí Tacaíochta san áireamh)

Chuir an Roinn réimse leathan seirbhísí tacaíochta ar fáil don Taoiseach, do na hAirí Stáit a bhaineann leis an Roinn, d'Oifig an Tánaiste agus d'Oifig Cheannaire an Chomhaontais Ghlais, don Rialtas agus don phobal i rith na bliana 2021, chomh maith le seirbhísí tacaíochta inmheánacha a chur ar fáil. Tugtar san áireamh obair i ndáil le 61 cruinniú Rialtais, 1,000+ Ceist Parlaiminte, faisnéis mionteagaisc, 239 aitheasc, 389 iarratas Saoráil Faisnéise, an tIniúchadh Inmheánach, déileáil le níos mó ná 55,000 mír comhfhreagrais a tháinig isteach, ócáidí a eagrú agus freagra a thabhairt ar cheisteanna ó na meáin chumarsáide. Chuir an Roinn cúnamh riaracháin ar fáil freisin maidir le dhá Choimisiún Imscrúdúcháin agus le Tionól na Saoránach.

Leanann Aonad an Chomhchaidrimh leis an Oireachtas de fhreastal don chaidreamh forfheabhsaithe idir an Rialtas agus an tOireachtas. Cuirtear cúnamh taca ar fáil do na hAirí agus dá gcuid Ranna maidir le cúrsaí an Oireachtais, cúnamh maidir le Gnó ó Chomhalta Príobháideach san áireamh. Cuireadh Tionól na Saoránach ar bun sa bhliain 2019, agus chuir an Roinn cúnamh rúnaíochta ar fáil i rith na bliana 2021 agus thug an Tionól an obair ar an tuarascáil chun críche ionas gur foilsíodh sin i mí Meitheamh 2021. Rinne an Roinn fónamh freisin maidir le hobair an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán a thug an obair ar thuarascáil, a d'fhoilsigh an Rialtas le gairid, chun críche freisin i rith na bliana 2021.

Lean Seirbhís Faisnéise an Rialtais den obair comhordúcháin, tacaíochta agus forbartha maidir le gnóthaí cumarsáide faoi phríomhaidhmeanna beartaíochta an Rialtais i rith na bliana 2021, mar shampla, Tithíocht don Uile Dhuine, an Breatimeacht, Oileán Comhroinnte agus COVID-19. Reáchtáladh feachtais éagsúla faisnéise poiblí maidir le gnéithe sonracha den ghéarchéim COVID-19 i rith na bliana 2021, lena n-áirítear athoscailt réimsí an tsaoil agus na scoileanna, an ceart a dhéanamh, beart i gcoinne an víris, athrú an dúshláin agus tuiscint ar an ábhar baoil. Choimisiúnaigh an Roinn beart taighde ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta faoi iompar na ndaoine d'fhonn tuairisc ar nósanna an phobail le himeacht aimsire maidir leis an mbaol go dtarlódh ionfhabhtú COVID-19 agus bhí torthaí an tsaothair sin ina lón eolais maidir le ceapadh an bheartais agus le feachtais éagsúla faisnéise. Déantar torthaí na mbeart tráthrialta staidéir maidir le Bearta Sóisialta a Thomhas a fhoilsiú ar www.gov.ie.

## Seirbhísí Tacaíochta

Lean an Roinn den infheistíocht sa lucht foirne trí fhónamh go forbheartach don fhoghlaim san ionad oibre trí chúrsaí oiliúna agus forbartha OneLearning na Státseirbhíse ionas go raibh deis ag an uile dhuine den fhoireann tabhairt faoi staidéar léinn ag teacht le riachtanais gnó na Roinne agus freastal ar sheimineáir agus ar chomhdhálacha a bhaineann le hábhar a gcuid oibre. Leanadh de dhúthracht na Roinne i ndáil le treisiú leanúnach ar an acmhainn ceannródaíochta trí sholáthar do fhreastal dhaoine den lucht foirne ar shraith nua cúrsaí ceannaireachta OneLearning a seoladh i rith Ráithe 4. Bhí deis freisin ag daoine den lucht foirne atá i dtús a ré gairme páirt a ghlacadh i gcláir éagsúla forbartha.

Lean Aonad AD na Roinne de sheirbhísí AD a chur ar fáil do na fostaithe agus do na bainisteoirí agus ar cheann de na réimsí a raibh béim orthu, bhí bearta a chothaíonn dea-bhail an duine san ionad oibre san áireamh. I bhfianaise a oiread agus bhíothas ag brath ar chianobair i rith na bliana 2021, caitheadh dícheall faoi leith lena chinntiú go raibh cumarsáid rialta ar siúl leis an lucht foirne ag bainisteoirí líne, an lucht bainistíochta sinsearach agus AD. Tugadh san áireamh leis sin tuairiscí

rialta ar na cora nua ba dheireanaí maidir le bearta tacaíochta agus acmhainní, seisiúin rialta eolais ar líne arna n-eagrú ag an Roinn do bhaill na foirne, imeachtaí sóisialta ar líne agus caidreamh leis an lucht cianoibre d'fhonn aon bhearta tacaíochta breise a bhí de dhíth a thabhairt chun aire agus a chur ar fáil. Leagadh béim go leanúnach ar an mbainistíocht feidhmíochta go háirithe trí phróisis géara ionduchtúcháin agus promhaidh. B'ionann an ráta comhlíontais maidir le bainistíocht feidhmíochta i ndáil le lucht foirne na Roinne i rith na bliana 2021 agus 98%.

I rith na bliana 2021, rinne an Roinn bearta éagsúla chun an iléagsúlacht agus an ionchuimsitheacht a chur chun cinn: ar a n-áirítear páirt a ghlacadh sa Chlár Meantóireachta Fonnmhar Ábalta de chuid AHEAD trína gcuirtear socrúcháin oibre ar fáil do chéimithe atá faoi mhíchumas; cur i láthair a eagrú do lucht foirne na Roinne ón Údarás Náisiúnta Míchumais ar Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas d'fhonn cur leis an aird agus leis an tuiscint ar Mhíchumas sa Láthair Oibre; agus an clár maidir le dea-bhail an duine atá ar bun ag an Roinn a chur chun cinn ionas go mbíonn deis rialta ag an lucht foirne cur leis an mbeartaíocht ar mhaithe le hionad oibre lena mbaineann an soicheall agus cúram don duine. Beidh oiliúint maidir le Dínit ag an Obair agus bearta oiliúna eile maidir le cúrsaí Comhionannais, Iléagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a luaitear i bplean na Roinne maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí á dtabhairt san áireamh sa Straitéis Foghlama agus Forbartha atá le leagan amach go gairid agus tús áite san ord tábhachta á leagan ar bhearta gaolmhara eile sa Straitéis nua AD.

Lean an tAonad Seirbhísí Bainistíochta i rith na bliana 2021, d'obair maoirseachta, forfheidhmiúcháin agus leasúcháin maidir le bearta sláinte agus sábháilteachta COVID-19 san ionad oibre, bearta an Phrótacail san áireamh maidir le Filleadh go Sábháilte ar an Ionad Oibre. Rinne an tAonad maoirseacht chomh maith ar vacsaín in aghaidh an fliú a chur ar fáil do 174 ball foirne sa bhliain 2021 agus ar thionscadail éagsúla cothabhála a thabhairt chun críche. Déileáladh le 1,419 glao ó dhaoine den lucht foirne ar an deasc cabhrach.

Seoladh leagan forfheabhsaithe go mór den chóras rChomhaireachta atá i bhfeidhm sna Ranna Rialtais go léir i mí Eanáir 2021 i gcomhar le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais. Cuireadh cúnamh taca ar fáil go forleathan maidir leis an gcóras forfheabhsaithe ar a sheoladh. Bhí béim faoi leith ar aird agus ar thuiscint maidir le cúrsaí cibearshlándála i rith na bliana agus eagraíodh samhailfheachtais fioscaireachta agus cuireadh oiliúint ar fáil don lucht foirne ar mhaithe leis sin. Cuireadh bearta eile slándála chun cinn i rith na bliana, lena n-áirítear seirbhís scagthástála nua maidir leis an ríomhphost a thabhairt isteach.

Lean an Roinn de leas a bhaint go forleathan as ardáin físchomhdhála agus comharoibre agus rinne Aonad TEC na Roinne fónamh maidir le cuid mhór cruinnithe ardleibhéil ar fud an Rialtais. D'eagraigh baill foirne ar fud na Roinne 7,600 cruinniú cianchaidrimh i rith na bliana 2021 a raibh 54,696 duine páirteach iontu. Leanadh de chúnamh taca TEC den ghnáthchineál a chur ar fáil go rialta don lucht foirne agus tugadh freagra ar 11,210 ticéad fiosrúcháin ag an deasc cabhrach, 62% den chúnamh á chur ar fáil i mbliana do bhaill foirne a bhí i mbun cianoibre.

Ainneoin ar bhain de dhúshlán arís le COVID-19 agus srian ar theacht i láthair san ionad oibre i rith na bliana 2021, lean Aonad Bainistíochta Faisnéise agus Taifead na Roinne de réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil don Roinn. Rinne an tAonad freisin 1,646 a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta ionas gur féidir leis an bpobal a scrúdú faoin Acht um an Chartlann Náisiúnta. Áirítear i na measc 350 comhad maidir le Gnóthaí Angla-Éireannacha ó na blianta 1992-1998 arna gcur ar fail go luath tar éis Orduithe Tosach Feidhme faoin Acht um an Chartlann Náisiúnta (Leasú) 2018 a shíniú.

Chuir an tAonad Airgeadais réimse seirbhísí airgeadais ar fáil a chuir le húsáid éifeachtúil as acmhainní airgeadais na Roinne trí bharainneacht, éifeachtúlacht, luach an airgid agus gníomh pras a thabhairt i gcrích i ndáil le gach cuid den chaiteachas.

Rinneadh líon iomlán 1,896 sonrasc ó sholáthraithe, dar luach iomlán €19.4m, a íoc.

Leanann Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne dá chinntiú go mbíonn polasaithe, fógraí agus gnáis oibre na Roinne ar bun agus go ndéantar a leasú go rialta. Scaip an tOifigeach Cosanta Sonraí nótaí chuig baill na foirne maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus iad i mbun cianoibre. Rinneadh freastal ar gach Iarratas ó Ábhar Sonraí a tháinig chuig an Roinn taobh istigh den tráthchlár a éilítear. Ní raibh aon fhógra faoi shárú maidir le sonraí le tabhairt don Choimisiún Cosanta Sonraí i rith na bliana 2021.

Níor tharla aon nochtadh a dhéanamh leis an Roinn faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ó fhostaí nó ó iarfhostaí i rith na bliana 2021. Lean an Roinn den dualgas maidir leis an nGaeilge a chomhlíonadh faoin Scéim Teanga reatha. Déileáladh le 102 mír comhfhreagrais i nGaeilge i rith na bliana.

# Tosaíocht Straitéiseach B – Ár dTodhchaí a Dhaingniú – Aghaidh a thabhairt ar COVID-19, an Breatimeacht agus Gníomhú ar son na hAeráide

I rith na bliana 2021, lean an Roinn de bhonn treise a chur faoin mbeartaíocht uile-Rialtais i ndáil le COVID-19 trí obair an Choiste Comh-Aireachta maidir le COVID-19 agus na gcóras taca ina leith sin. I mí Márta agus mí Aibreáin, d'fhógair an Taoiseach maolú de réir a chéile maidir le srianta ar leibhéal 5 a bhí i bhfeidhm ó dheireadh na bliana 2020 agus sin i gcomhthéacs chlár láidir vacsaínithe faoi mhaoirseacht an Tascfhórsa Ardleibhéil a d'fhág go raibh 800,000 vacsaín faighte faoin tráth sin agus beartaithe 3m dáileog a thabhairt faoi dheireadh mí Bealtaine. Rinneadh foráil dá réir sin do phróiseas athoscailte i mí Bealtaine agus mí Meithimh le béim ar bheartaíocht faoin aer agus cead beagán níos mó den idirchaidreamh sóisialta a dhéanamh. Ó thús mí Iúil amach, tar éis 4.7m dáileog den vacsaín a thabhairt faoin tráth sin, bhí lagú breise ar na srianta á thabhairt i bhfeidhm maidir le cuairt ar theaghlaigh agus imeachtaí amuigh faoin aer.

Ar an 31 Lúnasa, d'fhoilsigh an Rialtas - *COVID-19: Cur Chuige Nua i leith an Dúshláin, ag Leanúint leis an Téarnamh agus Athcheangal a Dhéanamh.* Rinneadh soláthar leis sin d'athoscailt de réir a chéile a gcuirfí chuige go stuama leis na srianta á mbogadh an tráth céanna a n-oibreofaí ar mhaithe le vacsaíniú chomh forleitheadach agus ab fhéidir.

Faoi dheireadh mhí Meán Fómhair, le breis agus 7 milliún dáileog tugtha faoin tráth sin, ba é an clár vacsaínithe ba mhó ba shiocair le hathoscailt na sochaí agus na heacnamaíochta a bheith indéanta. Ag an am sin, de réir an ECDC, in Éirinn ab airde ar fud an AE ar fad ráta na ndaoine fásta lánvacsaínithe, 90% den uile dhuine os cionn 16 bliana d'aois. Ar ráig eile den aicíd scaipeadh ar fud an domhain in athuair, cuireadh an filleadh go staidéarach de réir a chéile ar an láthair oibre ar fionraí i mí na Samhna agus cuireadh tascfhórsa ar bun a dhéanfadh maoirseacht ar bhrostú le Clár Tréandáileog Vacsaíne ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí a chosaint an tráth céanna a gcoinneofaí gnéithe éagsúla den tsochaí agus den chóras eacnamaíochta ar oscailt. Coinníodh an réimse leathan bearta tacaíochta a cuireadh ar fáil don duine aonair agus do ghnólachtaí a raibh COVID-19 ina chur isteach orthu ar bun agus rinneadh leathnú orthu de réir mar ba ghá sin tráthanna éagsúla i rith na bliana 2021.

Le himeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus le deireadh a theacht leis an tréimhse idir-réime ar an 1 Eanáir 2021, tháinig athruithe suntasacha i bhfeidhm agus cur isteach mór ar ghnólachtaí maidir le hearraí a thabhairt nó a chur trí an mBreatain Mhór mar gheall ar ghnáis nua custaim, seiceáil sláintíochta agus fhíteashláintíochta agus cora rialúcháin eile a theacht i bhfeidhm. Rinne an Roinn, trí oibriú go dlúth leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le ranna agus gníomhaireachtaí eile a bhain le hábhar, comhordú ar obair ullmhúcháin agus cúlteagmhasachta ar feadh an eatraimh seo, i mbun caidrimh agus cumarsáide go forleitheadach le gnólachtaí agus le saoránaigh agus ar bhealaí iomadúla eile.

Lean Aonad Athrú Aeráide na Roinne den chomhordú ar ghníomhaíocht i leith na haeráide ar fud an Rialtais, obair an Choiste Comh-Aireachta maidir leis an gComhshaol agus Athrú Aeráide agus obair an Bhord Feidhmíochta maidir le Gníomhaíocht ar son na hAeráide san áireamh. I rith na bliana 2021, achtaíodh an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 i mí Iúil agus foilsíodh leagan leasaithe de Phlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le cúrsaí Aeráide ina dhiaidh sin. Déantar foráil leis an reachtaíocht nua do cheangal dlí le spriocanna maidir le hísliú astaíochta agus do bhuiséid carbóin cúig bhliana agus uasleibhéil astaíochta a leagan síos i

ndáil le hearnálacha faoi leith d'fhonn astaíocht gáis cheaptha teasa na hÉireann a ísliú go dtína leath faoin mbliain 2030 agus neodracht i leith na haeráide a bhaint amach faoin mbliain 2050. Rinne an Roinn ceithre cinn de thuairiscí ráithiúla faoin dul chun cinn maidir le bearta faoin bPlean Gníomhaíochta maidir le Cúrsaí Aeráide a chur chun cinn a ullmhú agus a fhoilsiú i rith na bliana 2021.

Tar éis próiseas leathanréimseach comhairliúcháin phoiblí a eagrú i rith na bliana 2021, foilsíodh Measúnacht Náisiúnta Priacail leasaithe i mí na Nollag. Léiríodh leis an gcomhairliúchán poiblí gur ábhar suntasach buartha ag daoine an tAthrú Aeráide, cailliúint bithéagsúlachta agus easpa comhionannais agus luaitear freisin dearcadh leasaithe maidir le hábhar baoil geopholaitíochta agus roinnt réimsí nua baoil sa leagan críochnúil, ina measc boilsciú, díobháil fhadtéarmach mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta agus séanadh deiseanna maidir le cúrsaí digiteacha.

## Tosaíocht Straitéiseach C – An Geilleagar a Thabhairt ar ais

Cuidíonn an Roinn leis an Taoiseach agus leis an Rialtas maidir le ceapadh agus a cur i bhfeidhm an bheartais d'fhonn forbairt inbhuanaithe eacnamaíochta a chothú i réimsí éagsúla, mar shampla cruthú fostaíochta, tithíocht, beart i leith na haeráide, an saol digiteach agus dea-bhail an duine. Tugtar sin i gcrích trí bhonn treise a chur faoi obair thrí cinn de Choistí Comhaireachta go háirithe (maidir le cúrsaí Eacnamaíochta, Tithíochta agus Aeráide), faoi obair an Fho-Choiste Comh-Aireachta maidir le hAthchóiriú ar Chúrsaí Árachais, agus obair Ghrúpaí na nOifigeach Sinsearach a bhaineann leis na réimsí sin.

I mí Meitheamh 2021, d'fhoilsigh an Rialtas an Plean Téarnaimh Eacnamaíochta arb é is mórchuspóir leis líon na ndaoine fostaithe a ardú go mbíonn os cionn 2.5 milliún. Tugtar san áireamh sa phlean bearta gearrthéarmacha d'fhonn fónamh do theacht aniar i gcúrsaí eacnamaíochta ón tionchar a bhí ag paindéim COVID-19, chomh maith le bearta chun buanseasmhacht eacnamaíochta a chothú, le béim ar athnuachan agus infheistíocht san athrú go dtí córas eacnamaíochta díth carbóin bunaithe ar gheilleagar digiteach.

I rith na bliana 2021, rinne an Comhchoiste Comh-Aireachta maidir le Téarnamh Geilleagair agus Infheistíocht maoirseacht freisin ar Straitéis Náisiúnta an Rialtais maidir le cúrsaí digiteachta, *Harnessing Digital - The Digital Ireland Framework,* a chur le chéile. Leagtar amach ansin na spriocanna agus na modhanna ina dtabharfar na spriocanna sin i gcrích atá ag teacht le cuspóir na hÉireann a bheith ar na ceannródaithe maidir le cora nua i gcúrsaí digiteachta san Eoraip agus ar fud an domhain. Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta leasaithe a foilsíodh i mí Deireadh Fómhair an treochlár maidir le hinfheistíocht caipitil d'fhonn bonn a chur faoi fhorbairt inbhuanaithe atá cothrom maidir leis na réigiúin anonn go dtí an bhliain 2030, le €165 billiún á infheistiú i ngnéithe infreastruchtúir, ina measc aidhmeanna príomhthábhachta náisiúnta maidir le tithíocht agus cúrsaí aeráide a thabhairt i gcrích.

I mí Meán Fómhair, d'fhoilsigh an Rialtas an plean *Tithíocht don Uile Dhuine* d'fhonn cur leis an soláthar tithíochta go mbíonn níos mó ná 33,000 áras sa bhliain ar an meán á chur ar fáil go ceann deich mbliana. Déantar soláthar sa phlean don mheascán is fearr de thithíocht shóisialta, incheannaithe agus príobháideach, ar díol agus ar cíos. Tugtar san áireamh bearta lena bhfóntar do thalamh, lucht saothair agus cistí a bheith ar fáil ionas gur acmhainn don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach na spriocanna a thabhairt i gcrích a bhfuil cistíocht Stáit €4 billiún in aghaidh na bliana á dhearbhú mar bhonn daingean faoi. Tá béim láidir sa phlean ar an tabhairt i bhfeidhm le haonad faoi leith sa Roinn ag cur bonn daingean faoin nGrúpa Feidhme ionas go gcinntítear dúthracht ar fud an Rialtais ina leith. D'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an Roinn tuairiscí ráithiúla ar an dul chun cinn an dá ráithe deireanacha den bhliain 2021.

D'fhoilsigh an Roinn an chéad tuarascáil maidir le Creat Folláine na hÉireann i mí Iúil 2021 ina gcuirtear chun cinn aisling, creat coincheapadóireachta agus clár bunúsach maidir le Dea-bhail an Duine in Éirinn agus modhanna ina dtarlódh a shlánchóiriú le ceapadh beartais san am atá romhainn. Tháinig sna sála air sin Tairseach Folláine a sheoladh i mí Deireadh Fómhair agus plé poiblí a chothú faoi Chreat Folláine na hÉireann d'fhonn cur leis an aird agus leis an tuiscint ar an ábhar, an creat a thástáil agus eolas a fháil faoi na réimsí is mó a bhfuil tábhacht ag daoine leo.

Fónann an Rannóg Geilleagair freisin don phlé sóisialta a chothú, rannpháirtíocht an Taoisigh i bhFóram Eacnamaíochta an Lucht Saothair agus na bhFostóirí san áireamh, trína dtugtar le chéile ionadaithe de chuid na bhfostóirí agus na gceardchumann le hAirí Rialtais chun plé a dhéanamh ar nithe maidir leis an margadh saothair is ábhar buartha don uile dhream. Tháinig an Fóram le chéile

roinnt uaireanta i rith na bliana 2021 i mbun plé ar ghnéithe den Mhargadh Saothair, cúnamh an Rialtais d'oibrithe agus do ghnólachtaí a raibh cur isteach orthu ag COVID-19 san áireamh, chomh maith leis an eolas ba dheireanaí a thabhairt go leanúnach faoin bPrótacal maidir le Filleadh ar an Obair de réir mar a bhí á thabhairt chun cinn.  Rinne an Rannóg obair freisin maidir le bearta caidrimh de chuid an Taoisigh le páirtnéirí sóisialta eile i rith na bliana chomh maith.

Ag teacht leis an treoir ón gCoimisiún Eorpach, rinneadh cuid dílis den Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Buanseasmhachta de Chlár Náisiúnta Athchóirithe na hÉireann sa bhliain 2021. Bhí sin ina cheangal ionas go bhféadfaí teacht ar chistí faoi Shásra Téarnaimh agus Buanseasmhachta an AE óna bhfuair Éire deontais dar luach €915m. Aontaíodh Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Buanseasmhachta na hÉireann i mí Meán Fómhair 2021 agus tá an obair maidir lena chur i bhfeidhm ar siúl.

## Tosaíocht Straitéiseach D – Sochaí níos Fearr a Chruthú

Cuireann an Rannóg Beartais Shóisialta agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí cúnamh taca ar fáil d'obair an Taoisigh maidir le hathchóiriú ar chúrsaí póilíneachta, an dlí coiriúil, athchóiriú na seirbhíse poiblí, gnóthaí sóisialta agus réimsí gaolmhara eile. Ar na bealaí ina ndéantar sin, áirítear obair i ndáil leis na Coistí Comhaireachta agus Grúpaí na nOifigeach Sinsearach a bhaineann le hábhar.

- An Coiste Comh-Aireachta maidir le Sláinte
- An Coiste Comh-Aireachta maidir le Gnóthaí Sóisialacha agus Comhionannas
- An Coiste Comh-Aireachta maidir le hOideachas

Rinne an Rannóg fónamh i rith na bliana 2021, trí obair na gCoistí Comhaireachta sin, do thabhairt chun cinn an bheartais i réimsí éagsúla, ina measc athchóiriú ar an tseirbhís sláinte agus Sláintecare a chur chun cinn, déileáil le liostaí feithimh sna hospidéil, obair leanúnach maidir le Ceantair Réigiúnacha Sláinte, breisoideachas agus Riachtanais Speisialta Oideachais, Páipéar Bán maidir le Soláthar Díreach, Scéim Rialtachta atá á bheartú maidir le hImirceoirí Fadtéarmacha gan Cháipéisíocht, béim faoi leith a leagan ar fhoréigean baile, gnéis agus bunaithe ar inscne de réir mar a bhí an Roinn Dlí agus Cirt ag obair ar an straitéis náisiúnta agus ar phlean gníomhaíochta nua. Bhí an Roinn páirteach i ngrúpaí éagsúla idir-rannacha maidir leis an tsláinte meabhrach, drugaí, féinmharú a chosc, easpa dídine agus ionchuimsitheacht shóisialta.

Tar éis don Rialtas an tuarascáil ón gCoimisiún Imscrúdúcháin Árais Máithreacha agus Naíonán agus nithe áirithe gaolmhara a fhoilsiú, d'eisigh an Taoiseach leithscéal i mí Eanáir á ghabháil le máithreacha agus a gcuid leanaí a bhí in Áras Máithreacha agus Naíonán nó in Áras Contae in Éirinn. Tá an leithscéal sin ar cheann de na céimeanna tosaigh atá á ndéanamh ag an Rialtas i ndáil le torthaí na tuarascála a thabharfar le chéile i bplean gníomhaíochta maidir leis na daoine sin a raibh cónaí orthu sna hárais sin.

I mí na Nollag, sheol an Taoiseach Tuarascáil na bliana 2021 ar an Dul chun Cinn maidir le Tionscnamh Oirthuaisceart Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, ina leagtar amach obair breise a rinneadh i rith na bliana 2021, tionscnamh de chuid an Gharda san áireamh atá dírithe ar Bhagairt atá Ceangailte le Drugaí, Clár Taithí Oibre agus Tobmheantóireachta do dhaltaí dara leibhéal a bhfuil ag éirí go han-mhaith leis, meitheal pobail maidir le bainistíocht cásanna d'fhonn oibriú leis na teaghlaigh is mó atá i mbaol agus pleananna d'Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin ar sheansuíomh Neachtlann Mhaigdiléana ar Shráid Sheáin Mhic Diarmada.

Lean an Roinn d'fhónamh i rith na bliana do chur i bhfeidhm an phlean maidir le Seirbhís Póilíneachta san am atá romhainn, trí 8,800 gléas digiteach cumarsáide a chur ar fáil a chuideoidh le Gardaí ar an líne tosaigh; tástáil phíolótach maidir le Comhar Páirtnéireachta Áitiúil nua maidir le Sábháilteacht an Phobail agus leasú reachtaíochta a thabhairt chun cinn a chuirfidh bonn faoin athchóiriú ar chúrsaí póilíneachta in Éirinn.

Chuir an Roinn cúnamh rúnaíochta ar fáil do Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus leanadh den obair le hOifig Bainistíochta Chlár Athnuachana na Stát Seirbhíse sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, lena n-áirítear obair leanúnach ar an tionscnamh maidir le Beartas níos Tréine. Seoladh an straitéis nua deich mbliana don Státseirbhís i mí Bealtaine 2021 atá bunaithe ar thrí cinn de mhórthéamaí – Digiteach ón Tús agus Nuálaíocht ina Ghnáthrud; Lucht Oibre, Ionad Oibre agus Eagraíocht don Ré atá i nDán; agus Beartas agus Seirbhísí bunaithe ar Fhianaise. Rinne an Rannóg fónamh d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí freisin leis an obair maidir le Bord Ceannródaíochta na Seirbhíse Poiblí agus an Grúpa Bainistíochta agus an plé comhchéime maidir le Rialtas Oscailte.

Lean an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Shóisialach de chomhairle a chur ar an Taoiseach maidir le ceisteanna polasaí agus straitéise i ndáil le forbairt atá inbhuanaithe in Éirinn ó thaobh cursaí eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta. D'fhoilsigh an Chomhairle cúig cinn de thuarascálacha i rith na bliana 2021 i ndáil le téarnamh bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe, Oileán Comhroinnte, Ionchuimsitheacht Dhigiteach, Creat Folláine na hÉireann agus comhar oibre maidir le cúrsaí aeráide agus bithéagsúlachta.

## Tosaíocht Straitéiseach E – Áit na hÉireann san Eoraip agus ar Domhan a Láidriú

Fónann Rannóg an AE agus na nGnóthaí Idirnáisiúnta d'obair an Taoisigh agus é ag plé le gnóthaí an AE agus gnóthaí idirnáisiúnta chun leas straitéiseach na hÉireann a chur chun cinn, breis infheistíochta, trádála agus fostaíochta a chothú, treisiú leis an gcaidreamh déthaobhach le tíortha éagsúla agus le caidreamh polaitíochta na hÉireann, agus socrú ar bhearta i gcomhar maidir le hábhar dúshláin i réigiúin éagsúla den domhan agus ar fud na cruinne. Cuireann an Rannóg bonn treise freisin faoi obair an Choiste Comh-Aireachta maidir leis an Eoraip agus Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach maidir leis an réimse céanna. Leanadh den obair sin i rith na bliana 2021 d'fhonn a chinntiú go mbíonn páirt éifeachtúil iomlán ag Éirinn i ngach gné den Aontas Eorpach, le leas náisiúnta na tíre á chur chun cinn agus á chumhdach an tráth céanna a ndéantar leas maidir le dul chun cinn agus rachmas a chothú ar fud an Aontais.

Oibríonn an Rannóg go dlúth le Ranna eile Rialtais d'fhonn comhleanúnachas uile-Rialtais a chinntiú maidir le ceisteanna a bhfuil mórshuntas leo i gcás na hÉireann, ina measc caidreamh an AE leis an Ríocht Aontaithe, buiséad agus pacáiste téarnaimh an Aontais, an margadh inmheánach agus bearta i leith na haeráide. Ar na réimsí príomhthábhachta i rith na bliana 2021 bhí fónamh do bheartaíocht thréan chomhordaithe ar leibhéal an AE maidir le paindéim COVID-19, le béim á choinneáil ar réimsí áirithe, mar shampla soláthar vacsaíní, ina bhféadfadh an AE agus na Ballstáit, ag obair as láimh a chéile, toradh níos fónta a thabhairt i gcrích. Thug Éire níos mó ná 1.6 milliún vacsaín fuílligh ar láimh i rith na bliana 2021 do thíortha ísealioncaim mar chuid den chlár Covax.

Bhí an Taoiseach páirteach i rith na bliana 2021 i 9 gcinn de chruinnithe de chuid an Chomhairle Eorpach, idir chruinnithe rialta, chruinnithe neamhfhoirmeálta agus chruinnithe speisialta, trí cinn acu arbh cruinnithe físchomhdhála iad. Bhí sé páirteach chomh maith i dtrí cinn de Chruinnithe Mullaigh de chuid an AE le ceannairí as an India, as tíortha iarthar na mBalcán (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró, an Chosaiv agus an tSeirbia) agus as tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, an Airméin, an Asarbaiseáin, an tSeoirsia, an Mholdóiv, agus an Úcráin. Tharla roinnt cuairteanna go hÉirinn i rith na bliana, cuairteanna ó Uachtarán na Fraince, Uachtarán na Gearmáine agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ina measc.

I bhfianaise a raibh de shrianta taistil i bhfeidhm, is beag cuairt idirnáisiúnta a thug an Taoiseach i rith na bliana 2021. Chuaigh sé go Nua-Eabhrac le haitheasc a thabhairt ag Tionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus go Glaschú ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide. Thug an Taoiseach faoi chlár leitheadach comhráití ar líne aimsir na Féile Pádraig, cruinniú ciancheangail leis an Uachtarán Biden san áireamh.

D'fhoilsigh an Roinn Tuarascáil ar an dul chun cinn maidir le Éire Dhomhanda ina dtugtar léargas ar an obair leanúnach chun leathnú le lorg na hÉireann ar fud an domhain, leathnú san áireamh ar chraobhchóras oifigí taidhleoireachta agus ghníomhaireachtaí eile na tíre tar éis cinneadh a dhéanamh Ambasáidí a chur ar bun sa tSeineagáil agus san Iaráin chomh maith le hArd-Chonsalachtaí in Toronto, Lyon agus Miami.

Cuireadh tús i mí Eanáir le tréimhse dhá bhliain na hÉireann ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i mbun ceannródaíochta maidir leis an dícheall deiseanna daonchairdis a chinntiú sa tSiria agus ag teacht ar chomhaontú maidir le hathruithe i gcúrsaí síochánaíochta. I mí Meán Fómhair, ag

Éirinn a bhí uachtaránacht na Comhairle agus rinne an Taoiseach cathaoirleacht i rith na míosa sin ar chruinniú Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le cúrsaí Aeráide agus Slándála.

D'fhreastail an tAire Stáit maidir le Gnóthaí Eorpacha 11 cruinniú de Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an AE agus thug faoi chaidreamh déthaobhach leis an tSlóvaic, Poblacht na Seice, an Laitvia, an Liotuáin, an Eastóin, an Pholainn, an Fhionlainn agus an Ostair. Bhí an tAire Stáit i láthair freisin ag cruinniú Airí de chuid an OSCE sa tSualainn agus ag cruinniú Airí de chuid an OECD i bPáras; thug aitheasc do Thionól Parlaiminte na Breataine agus na hÉireann i Londain agus rinne cathaoirleacht ar chruinniú de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac maidir leis an gConradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha.

## Tosaíocht Straitéiseach F – Comhaontú a Fhorbairt maidir le hOileán Comhroinnte – Thuaidh Theas agus Thoir Thiar

Déanann Rannóg Ghnóthaí na Breataine agus Thuaisceart Éireann obair chúnta agus comhairle a chur ar fáil don Taoiseach i ndáil le gnóthaí Thuaisceart Éireann agus an caidreamh idir Éire agus an Bhreatain. Tugtar san áireamh obair ar mhaithe le síocháin, rachmas agus athmhuintearas a chothú ar oileán na hÉireann, cuidiú leis an Taoiseach sa chaidreamh a bhíonn aige le Rialtas na Breataine agus le páirtithe polaitíochta i dTuaisceart Éireann agus leis an bpáirt a bhíonn aige in institiúidí arna gcur ar bun faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Lean an Taoiseach den chumarsáid go díreach le Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe faoin gcaidreamh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe i rith na bliana 2021, tráth a raibh deacrachtaí leanúnacha le sárú, ina measc déileáil le cásanna a thagann chun cinn le hoidhreacht agus cur i bhfeidhm Phrótacal Thuaisceart Éireann.

D'fhreastail an Taoiseach dhá chruinniú mullaigh de chuid Chomhairle na Breataine agus na hÉireann i rith na bliana 2021 ag a ndearnadh plé faoi na bearta príomhthábhachta maidir le teacht ó COVID-19 agus na cora ba nua i gcúrsaí polaitíochta. Rinne an Taoiseach cathaoirleacht ar an séú cruinniú Iomlánach is fiche den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ar an 30 Iúil 2021 a tionóladh, mar gheall ar COVID-19, ina chruinniú físchomhdhála. Rinneadh plé leathanréimseach idir an Rialtas agus Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann ar an gcomhoibriú maidir le paindéim COVID-19, ar an dul chun cinn maidir le geallúintí faoi "Ré Nua, Cur Chuige Nua" a thabhairt i gcrích, an clár PEACE PLUS a chur le chéile, agus nithe a bhaineann leis na Comhlachtaí Thuaidh Theas. Bhí an Taoiseach i mbun caidrimh freisin leis na páirtithe polaitíochta agus le geallsealbhóirí eile i dTuaisceart Éireann, le linn cuairt a thabhairt go Béal Feirste i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus i rith na bliana ar fad.

Leanadh le hobair an Aonaid um Oileán Comhroinnte sa Roinn i rith na bliana 2021 le sraith Idirphléití maidir le hOileán Comhroinnte faoi théamaí éagsúla ina raibh Airí Rialtais páirteach chomh maith le breis agus 1,000 duine as earnalácha éagsúla, réigiúin éagsúla, dreamanna agus traidisiúin éagsúla ar fud an oileáin. Mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta leasaithe, thug an Rialtas gealltanas síneadh go dtí an bhliain 2030 a chur leis an gCiste um Oileán Comhroinnte, agus an t-airgead a dhúbailt go dtí €1 billiún, agus leagadh amach príomhaidhmeanna infheistíochta trasteorann go ceann deich mbliana d'fhonn oileán is comhcheangailte agus is rachmasaí ag an uile dhuine a chruthú go fadmharthanach. Ceadaíodh €50m as an gCiste um Oileán Comhroinnte i rith na bliana 2021 chun dul ar aghaidh le hinfheistíocht straitéiseach i dtionscnaimh de leithéid Chanáil Uladh, Droichead Chaol Uisce agus an Clár Taighde Thuaidh Theas.

Fógraíodh clár suntasach Taighde Thuaidh Theas i rith na bliana 2021, le €40 milliún as an gCiste um Oileán Comhroinnte in imeacht cúig bhliana, d'fhonn ceangal níos dlúithe a chothú idir na forais ardoideachais, taighdeoirí agus an lucht léinn. Tá coimisiúnú déanta ag an Aonad um Oileán Comhroinnte ar chlár cuimsitheach taighde ag obair leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Shóisialta, Comhairle Taighde na hÉireann, agus páirtnéirí eile, agus rinneadh taighde an ESRI maidir le deiseanna eacnamaíochta agus sóisialta ó chomhar breise ar Oileán Comhroinnte a fhoilsiú i mí na Nollag.

## Caiteachas na Bliana 2021


**Toradh na bliana 2021**

| | €000 |
|---|---|
| **RIARACHÁN** | |
| Tuarastail, Pá agus Liúntais | 17,218 |
| Taisteal agus Cothabháil | 184 |
| Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha | 1,389 |
| Postas agus Teileachumarsáid | 217 |
| Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TE | 1,123 |
| Costas Áitribh Oifige | 411 |
| Seirbhísí Comhairleoireachta | 0 |
| **Riarachán Iomlán** | **20,542** |
| | |
| **SEIRBHÍSÍ EILE** | |
| An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt | |
| Eacnamaíochta agus Sóisialta (Deontas i gCabhair) | 1,973 |
| Binsí Fiosrúcháin | 793 |
| Coimisiúin Imscrúdúcháin | 2,690 |
| Tionól na Saoránach | 594 |
| Cumarsáid Phoiblí maidir le COVID-19 | 12,127 |
| **Olliomlán** | **38,719** |
| Lúide Leithreasaí i gCabhair | (699) |
| **Glaniomlán** | **38,020** |

(Ús/cúiteamh arna íoc i rith na bliana 2021 mar gheall ar mhallíocaíocht €457.53)

## An Líon Foirne

Bhí coibhéis 230.8 ball foirne lánaimseartha ag obair sa Roinn ag deireadh na bliana 2021.



## Forléargas ar úsáid fuinnimh 2021

Tithe an Oireachtais a dhéanann an obair riaracháin maidir le hídiú fuinnimh i gcoimpléasc Thithe an Rialtais, Roinn an Taoisigh san áireamh. Ídítear fuinneamh sa Roinn maidir le soilse, teas, cóiriú aeir, trealamh oifige, trealamh TE agus trealamh lónadóireachta.

I rith na bliana 2021, d'fhoilsigh an Roinn Plean Éifeachtúlacht Acmhainní nua a thagann faoi mhaoirseacht Fhoireann Ghlas na Roinne. Leagtar amach bearta éagsúla sa phlean d'fhonn feabhas ar an mbainistíocht i ndáil le fuinneamh, uisce, ábhar agus fuíollábhar sa Roinn agus d'fhonn cur leis an aird agus an tuiscint atá ag lucht na foirne faoi chúrsaí inmharthanachta. Tá an Plean ar fáil ar www.gov.ie.

Bíonn an Roinn go seasta i mbun oibre le hOifig na nOibreacha Poiblí ar thionscadail éagsúla agus ar thograí nua ar mhaithe le barainneacht bhreise ó thaobh ídiú fuinnimh i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialtas Glas.

I rith na bliana 2021, ídíodh fuinneamh mar seo a leanas i Roinn an Taoisigh:

- 936.7 MWH de Leictreachas
- 923.6 MWH de Ghás
- 503.9 MWH de Mhillíní Adhmaid (i gcoire bithmhaise an chloigín)

**Soláthar Poiblí Glas (SPG)**

Leagtar amach thíos mionsonraí maidir le conarthaí soláthair dar luach breis agus €25,000, arna síniú i rith na bliana 2021, lena dtugtar critéir ghlasa san áireamh

| *An bhliain faoi chaibidil 2021* | *A. Líon iomlán na gconarthaí dar luach breis agus €25,000 de réir earnála* | *B. Luach iomlán na gconarthaí dar luach breis agus €25,000 de réir earnála* | *C. Líon iomlán na gconarthaí dar luach breis agus €25,000 de réir earnála lena dtugtar SPG san áireamh* | *D. Luach iomlán na gconarthaí dar luach breis agus €25,000 de réir earnála lena dtugtar SPG san áireamh* |
|---|---|---|---|---|
| ***Earnáil Phríomhthábhachta*** | | | | |
| Trealamh TE | 1 | €140,054 | Náid | Náid |
| Seirbhísí Gairme Eile | 7 | €11,284,974 | Náid | Náid |
| **Iomlán** | 8 | €11,425,028 | Náid | Náid |

## Ceapacháin ar Bhoird Stáit

Tá dhá bhord stáit ar a gceapann an Taoiseach comhaltaí – an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Shóisialta agus an Bord Náisiúnta Staidrimh. Is féidir na ceapacháin a rangú de réir trí cinn d'aicmí ginearálta - comhaltaí neamhspleácha, comhaltaí arna n-ainmniú ag eagraíochtaí de chuid earnálacha faoi leith agus comhaltaí *ex officio* (seirbhísigh phoiblí ina measc). Tá teorainn lena bhfuil de rogha ag an Taoiseach de réir mar a rangaítear folúntas le haicme faoi leith an tráth a dtarlaíonn. Déantar gach ceapachán ar bhord na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Shóisialta agus ar an mBord Náisiúnta Staidrimh i gcomhréir le treoirlíne na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit agus de réir mar a fhoráiltear sa reachtaíocht a bhaineann le hábhar.

**Comhaltaí (31 Nollaig 2021)**

| | Neamhspleách | | Arna n-ainmniú thar ceann na hearnála | | Ex-officio | | Iomlán | | % na mBan |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | F | B | F | B | F | B | F | B | |
| **An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta & Shóisialta** | 4 | 3 | 9 | 6 | 4 | 2 | 17 | 11 | 39% |
| **An Bord Náisiúnta Staidrimh** | 0 | 2 | 2 | 1 | 3 | 0 | 5 | 3 | 37.5% |

**Ceapacháin na bliana 2021**

| | Líon na gCeapachán 2021 | Inscne | |
|---|---|---|---|
| | | F | B |
| **An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta & Shóisialta** | 1 | 1 | 0 |
| **An Bord Náisiúnta Staidrimh** | 0 | 0 | 0 |

Féachann Roinn an Taoisigh le feabhas ó thaobh cothromaíocht inscne a thabhairt i bhfeidhm maidir leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Shóisialta agus leis an mBord Náisiúnta Staidrimh trína iarraidh ar na comhlachtaí agus ar na heagraíochtaí ainmniúcháin an chothromaíocht inscne a chur san áireamh an tráth a mbíonn ainmniúchán á dhéanamh. Féachann an Roinn lena chinntiú freisin go leantar d'aidhmeanna an Rialtais maidir le cothromaíocht inscne a thabhairt i gcrích agus comhaltaí neamhspleácha á n-ainmniú.

Rialtas na hÉireann
Government of Irelan